Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0209 (COD)**

**9651/18**
**ADD 3**

**ENV 395**
**CLIMA 96**
**ENER 216**
**CADREFIN 69**
**CODEC 944**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meitheamh 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 293 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 293 final.

---

Faoi iamh: SWD(2018) 293 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.6.2018
SWD(2018) 293 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena mbunaítear Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)**

{COM(2018) 385 final} - {SEC(2018) 275 final} - {SWD(2018) 292 final}

Is ceannródaí domhanda é an tAontas Eorpach i dtaca le cosaint an chomhshaoil agus gníomhú ar son na haeráide agus, mar a dhearbhaigh an tUachtarán Juncker ina *aitheasc ar Staid an Aontais*[1] in 2017, teastaíonn ón Aontas cur leis an ról sin atá aige[2].

Is é an clár LIFE an t-aon chiste de chuid an Aontais atá tiomnaithe ina iomláine do chuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid. De bhrí nach bhfuil ach buiséad cuibheasach ag an gClár, tá sé spriocdhírithe ar bhearna idir cláir an Aontais, sa chéad chás de, lena dtugtar tacaíocht do thaighde agus nuálaíocht agus, sa dara cás de, cláir an Aontais lena maoinítear úsáid mhórscála a bhaint as bearta.

D'ainneoin go dtéitear i ngleic le fadhbanna áirithe ar an láthair ar dhóigh dhíreach de bhíthin ghníomhaíochtaí LIFE, is ar dhóigh indíreach a bhíonn an tionchar is mó ag an gClár a bhuí lena ról catalaíoch atá dírithe ar chleachtais inbhuanaithe maidir le táirgeadh, dáileadh agus tomhaltas a chur ar bun, a mhéadú nó a bhrostú trí thacú le:

- forbairt agus malartú an dea-chleachtais agus an eolais;
- cur leis na hacmhainneachtaí agus dlús a chur le reachtaíocht agus beartais maidir leis an gcomhshaol agus leis an aeráid a chur chun feidhme,
- páirtithe leasmhara a thástálann teicneolaíochtaí agus réitigh ar scála beag; agus
- cistiú a fhorscaoileadh ó fhoinsí eile.

Tá an measúnú tionchair seo ag gabháil le togra ón gCoimisiún le haghaidh an chéad chláir LIFE eile don chomhshaol agus do ghníomhú ar son na haeráide tar éis 2020 agus comhlíonann sé ceanglais an Rialacháin Airgeadais maidir le meastóireacht *ex ante* a ullmhú.

***Na dúshláin agus na deiseanna don chlár LIFE sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile***

Dheimhnigh an mheastóireacht mheántéarma a rinneadh le déanaí ar an gclár LIFE[3] go bhfuil gach cosúlacht ann go bhfuil an Clár éifeachtach[4], éifeachtúil agus ábhartha agus go bhfuil sé ag cur leis an straitéis Eoraip 2020. Anuas air sin, tá formhór na bpáirtithe leasmhara den tuairim gur ionstraim ríthábhachtach é an clár LIFE chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí comhshaoil agus aeráide.

Ina theannta sin áfach, sainaithníodh deiseanna sa mheastóireacht mheántéarma chun éifeachtacht fhoriomlán an Chláir a fheabhsú a thuilleadh, rud nach bhféadfaí a dhéanamh dá leanfaí den chlár LIFE san fhormáid, agus ar an scála, atá ann faoi láthair le linn na tréimhse 2021–2027. Is deiseanna iad, go háirithe, chun comhsheasmhacht a fheabhsú idir an clár LIFE agus cistí eile de chuid an Aontais agus chun cur le ról catalaíoch an Chláir. Ina theannta sin, sainaithníodh deiseanna eile chun béim straitéiseach an Chláir a fheabhsú, chomh maith le deiseanna chun éifeachtúlacht an chláir LIFE a mhéadú agus a bhainistíocht a shimpliú.

---

1 https://ec.europa.eu/commission/state-union-2017_ga

2 In Iarscríbhinn 4, cuirtear i láthair anailís ar an ngá leanúnach atá le gníomhaíocht i réimsí éagsúla beartais maidir leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide chun a áirithiú go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais, Comhaontú Pháras agus cur chun feidhme an Aontais Fuinnimh.

3 An Coimisiún Eorpach (2017) *Report on the Mid-term Evaluation of the Programme for Environment and Climate Action (LIFE).* [An Tuarascáil maidir leis an Meastóireacht Mheántéarma ar an gClár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)] SWD(2017) 355 final. Ecorys (2017) *Support for an external and independent LIFE Mid Term Evaluation Report* [Tacaíocht le haghaidh Tuarascáil atá seachtrach agus neamhspleách maidir leis an Meastóireacht Mheántéarma ar an gclár LIFE]

4 Bunaithe ar anailís ar eochairtháscairí feidhmíochta a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na dtionscadal.

*Na roghanna tosaíochta*

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a sainaithníodh, thángthas ar roinnt roghanna agus rinneadh iniúchadh orthu i dtaca lena n-éifeachtacht, a n-éifeachtúlacht agus a gcomhsheasmhacht. De thoradh an iniúchta sin, sainaithníodh roinnt roghanna ar leith chun feabhas a chur ar an gClár nua agus tugtar tuairisc orthu anseo thíos.

As measc na roghanna sin, roghnaíodh trí cinn i dtaca le ***cumhdach agus raon feidhme*** an Chláir:

1. Trí bhíthin síneadh a chur le raon feidhme an chláir LIFE chun tionscadail fothaithe acmhainneachta maidir le fuinneamh glan a chuimsiú trí fhochlár don aistriú chuig fuinneamh glan a chur leis, d'fhéadfaí cur chuige níos comhsheasmhaí a sholáthar do thionscadail fothaithe acmhainní a chistiú i réimse an fhuinnimh ghlain agus, san am céanna, rochtain níos fearr a bheith ann do raon níos leithne tairbhithe.
2. Tacaíocht ón gclár LIFE a threisiú chun cuspóirí dúlra agus bithéagsúlachta a phríomhshruthú. A bhuí leis an tacaíocht sin, chuirfí tuilleadh maoinithe ar fáil chun an dúlra a chosaint, agus bheadh struchtúrú foriomlán bhuiséad an Aontais níos comhsheasmhaí de thoradh cur chuige feabhsaithe i dtaca le príomhshruthú. D'fhéadfadh sé, áfach, go gceanglófaí tuilleadh iarrachtaí pleanála agus comhordúcháin ar na húdaráis chomhshaoil dá bharr.
3. Trí bhíthin síneadh a chur le critéir incháilitheachta an chláir LIFE chun tíortha agus críocha thar lear an Aontais a chuimsiú faoina raon feidhme, go háirithe gníomhaíochtaí dúlra agus bithéagsúlachta faoin bhfochlár don dúlra agus don bhithéagsúlacht, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar bhearna a d'fhéadfadh a bheith ann i gcistiú na scéime maidir le seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais i dtíortha agus críocha Eorpacha thar lear (BEST)[5].

Má dhéantar an buiséad a mhéadú chun, go háirithe, an t-aistriú chuig fuinneamh glan a chuimsiú agus/nó chun an fochlár don dúlra a chuimsiú, ní mór na roghanna seo, mar atá Rogha 1 agus Rogha 2, a chuimsiú i struchtúr an chláir LIFE.

Roghnaíodh naoi rogha i dtaca le ***sásraí seachadta*** agus ***bainistíocht an Chláir***:

Chun feidhmíocht agus ról catalaíoch an Chláir a fheabhsú, scrúdaíodh dhá rogha le gurbh fhusa d'iarratasóirí ó na Ballstáit uile rochtain a bheith acu ar an gClár. I dtaca leis an rogha tacaíocht láraithe a sholáthar do líonra uile na bpointí teagmhála náisiúnta in ionad na dtionscadal fothaithe acmhainneachta mar atá faoi láthair (nach bhfuil rochtain orthu ach ag Ballstáit áirithe), meastar gur rud dearfach é. Maidir leis an rogha i dtaca le rátaí cómhaoinithe a mhéadú, ba ghá sin a mheas a thuilleadh nuair a bheadh leagan amach agus buiséad foriomlán an chláir LIFE sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile socraithe, agus de réir an éilimh thar thréimhse ama.

Rinneadh ceithre rogha chomhlántacha eile a mheas chun feidhmíocht agus ról catalaíoch an Chláir a fheabhsú. As a measc, meastar gurb é an síneadh ar úsáid a bhaint as tionscadail chomhtháite straitéiseacha an sásra is mó tionchar bunaithe ar an taithí ó threoirthionscadal na dtionscadal comhtháite sa chlár LIFE reatha. Ba ghá, dá bharr, an buiséad a mhéadú, áfach, i gcomparáid leis an gClár atá ann faoi láthair.

[5] Is é is aidhm don tionscnamh BEST, an scéim dheonach maidir le seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais i gcríocha Eorpacha thar lear, tacú le caomhnú na bithéagsúlachta agus úsáid inbhuanaithe seirbhísí éiceachórais, lena n-áirítear cuir chuige atá bunaithe ar an éiceachóras maidir leis an oiriúnú don athrú aeráide agus an maolú ar an athrú aeráide, sna réigiúin is forimeallaí san Aontas agus i dtíortha agus críocha thar lear.

Níl aon impleachtaí diúltacha ag baint leis na roghanna atá ann macasamhlú a fheabhsú agus cur le solúbthacht an Chláir agus, ina theannta sin, leis an bhféidearthacht díriú ar shaincheisteanna tábhachtacha agus saincheisteanna atá ag teacht chun cinn trí bhíthin an Rialachán agus an clár oibre ilbhliantúil a shimpliú agus, ar an ábhar sin, is ceart iad araon a thabhairt isteach. Maidir le hionstraimí airgeadais, bheadh sé ina bhuntáiste dá bhféadfaí ionstraimí píolótacha a forbraíodh faoin gclár LIFE reatha a chur á n-úsáid ar scála níos leithne faoin gclár InvestEU.

***Cén chaoi a ndéanfar faireachán agus meastóireacht ar fheidhmíocht?***

Leanfar d'fheidhmíocht a mheas ar leibhéal an Chláir agus ar leibhéal na bhfochlár, ag cur leis an gcur chuige bunaithe ar thionscadail atá i bhfeidhm faoi láthair. Sainaithníodh, áfach, critéir bhreise feidhmíochta chun faireachán agus meastóireacht ar éifeacht chatalaíoch an chláir LIFE a neartú mar aon leis an dóigh a gcuidíonn sé chun tacú le hathrú a dhéanamh ar an tsochaí. Is ar an gCoimisiún den chuid is mó a bheidh an dualgas an Clár a chur chun feidhme chun go seachnófar ceanglais tuairiscithe reatha a mhéadú agus chun a áirithiú go ndéanfar pé tuairisciú a dhéanfar ar dhóigh dhian agus chruinn.

Déanfar dhá mheastóireacht mhionsonraithe, an chéad cheann ag tráth mheántéarma na clárthréimhse (2024) agus an dara ceann ag deireadh na clárthréimhse (2027).